23/11/2026
ESMA74-2119945926-3749

Treoirlínte

Maidir le nósanna imeachta caighdeánaithe agus prótacail teachtaireachtaí faoi Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

Clár ábhair

1 Raon feidhme 3
2 Tagairtí agus giorrúcháin reachtacha 4
2.1 Tagairtí reachtacha 4
2.2 Giorrúcháin 4
3 Cuspóir 5
4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe 6
4.1 Stádas na dtreoirlínte 6
4.2 Ceanglais tuairiscithe 6
5 Treoirlínte maidir le nósanna imeachta caighdeánaithe agus prótacail teachtaireachtaí faoi Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 7
5.1 Raon feidhme 7
5.2 Nósanna imeachta caighdeánaithe agus prótacail theachtaireachtaí 8

1 Raon feidhme

Cé?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le gnólachtaí infheistíochta agus le húdaráis inniúla gnólachtaí infheistíochta.

Cad?

2. Tá feidhm ag na treoirlínte seo i ndáil leis na ceanglais faoi Airteagal 6(2) agus go háirithe i ndáil leis na nósanna imeachta caighdeánaithe agus na caighdeáin teachtaireachtaí atá le húsáid chun an dara fomhír d'Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 (CSDR) a chomhlíonadh.

Cathain?

3. Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo ón 7 Nollaig 2026.

2 Tagairtí agus giorrúcháin reachtacha

2.1 Tagairtí reachtacha

RTLU	An Rialachán maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús. Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012[1]
Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún,	Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le smacht socraíochta[2]
Rialachán ESMA	Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún[3]
MiFID II	Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE[4]
Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún,	Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais eagraíochtúla agus na coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin[5]

2.2 Giorrúcháin

CE	An Coimisiún Eorpach
CEMA	An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais
ESMA	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí
AE	An tAontas Eorpach

[1] IO L 257, 28.8.2014, lch. 1.
[2] IO L 230, 13.9.2018, lch. 1.
[3] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.
[4] IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.
[5] IO L 87, 31.3.2017, lch. 1.

3 Cuspóir

4. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 6(2) de RTLU. Is iad cuspóirí na dtreoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach an dara fomhír d'Airteagal 6(2) de RTLU a áirithiú, arna fhorlíonadh le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún.

5. Tá an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 6(2) de RTLU agus a shonraítear tuilleadh in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1536[6] dírithe ar an bpróiseas socraíochta a ullmhú: ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go mbeidh acu, a mhéid is féidir, na sonraí socraíochta go léir is gá ar an lá gnó ar a ndéantar an t-idirbheart. Chun é seo a bhaint amach, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta nach bhfuil an fhaisnéis shocraíochta riachtanach acu cheana féin teagmháil a dhéanamh lena gcliaint chun an fhaisnéis chuí a fháil, ar cheart go n-áireofaí inti sonraí caighdeánaithe a bheadh úsáideach don phróiseas socraíochta.

6. Go háirithe, táthar ag súil go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta, i gcás inarb infheidhme, bearta chun teorainn a chur le líon na dteipeanna socraíochta faoi Airteagal 6(2) de RTLU. De bhun an airteagail seo, tá caighdeáin theicniúla rialála forbartha ag ESMA chun a shonrú, inter alia, mionsonraí na mbeart leithdháilte agus deimhnithe agus na nósanna imeachta idir gnólachtaí infheistíochta agus a gcliaint ghairmiúla a éascaíonn socraíocht, a áiríodh in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún. Rinneadh athbhreithniú ar an bhforáil sin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1536 ón gCoimisiún.

7. Chun é sin a chomhlánú, táthar ag súil freisin go bhforbróidh ESMA, de bhun an airteagail chéanna, treoirlínte maidir leis na nósanna imeachta caighdeánaithe agus na prótacail teachtaireachta atá le húsáid chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

8. Dá bhrí sin, tá sé d'aidhm ag na treoirlínte seo raon feidhme an cheanglais atá in Airteagal 6(2) de RTLU a shoiléiriú agus treoir a chur ar fáil maidir leis na nósanna imeachta caighdeánaithe agus na caighdeáin teachtaireachtaí a úsáidtear chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

[6]Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2026/1536 an 6.7.2026 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le smacht socraíochta.

4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirlínte

9. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.

10. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

4.2 Ceanglais tuairiscithe

11. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a mbaineann na treoirlínte seo leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) an bhfuil na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh. Tá teimpléad le haghaidh fógraí a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Agus an teimpléad líonta amach, ba cheart é a tharchur chuig ESMA.

12. I gcás neamhchomhlíonta, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.

13. Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thuairisciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

5 Treoirlínte maidir le nósanna imeachta caighdeánaithe agus prótacail teachtaireachtaí faoi Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014

5.1 Raon feidhme

Treoirlíne 1: Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú, i gcás inarb infheidhme, go gcomhlíonfaidh siad féin agus a gcliaint ghairmiúla mar a shainmhínítear i bpointe (10) d'Airteagal 4(1) de MiFID II na ceanglais a leagtar amach faoi Airteagal 6(2) de RTLU, agus a róil i ngach idirbheart urrús á gcur san áireamh.

Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus do chliaint ghairmiúla comhaontú go conarthach ar na socruithe dá dtagraítear sna treoirlínte seo. Mar sin féin, féadfar na comhaontuithe sin a dhoiciméadú in aon fhoirm atá ceangailteach ó thaobh an dlí de.

14. Nuair a bhíonn dhá einiteas, atá ceadúnaithe mar ghnólachtaí infheistíochta, os comhair a chéile in idirbheart maidir le hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de RTLU, ba cheart anailís a dhéanamh ar róil gach eintitis faoi seach san idirbheart lena mbaineann chun a shainaithint cén t-eintiteas ba cheart a mheas mar an gnólacht infheistíochta agus mar an cliant chun na ceanglais sin a chur i bhfeidhm.
15. Níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach faoi Airteagal 6(2) de RTLU ach amháin maidir le caidrimh a bhaineann le gnólacht infheistíochta agus le cliant gairmiúil laistigh de raon feidhme MiFID II. Ciallaíonn sé sin, i gcás nach bhfuil feidhm ag MiFID II maidir le daoine áirithe (e.g. daoine atá díolmhaithe faoi Airteagal 2 de MiFID II), nár cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ach an oiread.
16. Chun nach mbeadh aon amhras ann, ba cheart eintiteas a thagann ón liosta a sholáthraítear i gCuid I d'Iarscríbhinn II le MiFID II a mheas mar chliant gairmiúil chun críocha Airteagal 6(2) de RTLU, beag beann ar an bhfíric go bhféadfadh an gnólacht infheistíochta é a aicmiú, go ginearálta nó i gcás idirbheart áirithe nó seirbhísí áirithe, mar chontrapháirtí incháilithe, de réir bhrí airteagal 30(2) de MiFID II, nó mar chliant neamhghairmiúil.

Treoirlíne 2: Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 6(2) de RTLU maidir le hidirbhearta in ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de, i.e.:

a. urrúis infheidhme, mar a shainmhínítear i bpointe 35 d'Airteagal 2(1) de RTLU;
b. ionstraimí an mhargaidh airgid, mar a shainmhínítear i bpointe 37 d'Airteagal 2(1) de RTLU;
c. aonaid i ngnóthais chomhchoiteanna, mar a shainmhínítear i bpointe 38 d'Airteagal 2(1) de RTLU; agus
d. liúntais astaíochtaí, mar a shainmhínítear i bpointe 39 d'Airteagal 2(1) de RTLU.

5.2 Nósanna imeachta caighdeánaithe agus prótacail theachtaireachtaí

Treoirlíne 3: Ba cheart do ghnólacht infheistíochta teacht ar chomhaontú lena chliant gairmiúil maidir leis na modhanna leictreonacha cumarsáide caighdeánaithe agus nósanna imeachta agus caighdeáin idirnáisiúnta cumarsáide oscailte le haghaidh sonraí teachtaireachtaí agus tagartha dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(34) de RTLU atá le húsáid eatarthu mar ghnáthchleachtas, chun na bearta a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh teipeanna socraíochta a chosc nó a theorannú a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 6(2) de RTLU agus in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún.

I measc na samplaí neamh-uileghabhálacha de mhodhanna leictreonacha cumarsáide caighdeánaithe tá ríomhphoist nó comhéadain úsáideora ghrafacha, ar choinníoll go bhfuil inneachar na leithdháiltí agus na ndeimhnithe struchtúrtha ionas gur féidir le feidhmchláir bhogearraí sonraí sonracha, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca.

D'fhéadfaí na bearta sin a léiriú mar seo a leanas:



17. Féadfaidh an gnólacht infheistíochta agus a cliant gairmiúil socrú a dhéanamh chun an fhaisnéis sin a chur in iúl go pras ar bhealaí éagsúla:

    a. **Deimhniú i scríbhinn agus leithdháileadh i scríbhinn araon** a bheith á sheoladh ag an gcliant gairmiúil chuig a ghnólacht infheistíochta;

    b. **Gan deimhniú i scríbhinn a sheoladh:** I gcás ina n-áirítear an deimhniú i scríbhinn sa leithdháileadh i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 2(1), an tríú fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún, féadfaidh an gnólacht infheistíochta agus an cliant gairmiúil a chomhaontú go bhféadfaí an deimhniú i scríbhinn ar théarmaí an idirbhirt a sholáthar i réimse breise a áirítear

sa leithdháileadh i scríbhinn, nó a thabhairt le fios agus an leithdháileadh i scríbhinn a chomhfhreagraíonn don idirbheart sin á sheoladh;

c. **Gan deimhniú i scríbhinn ná leithdháileadh i scríbhinn a sheoladh:** I gcás nach seoltar aon deimhniú ná leithdháileadh i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún, ba cheart don ghnólacht infheistíochta a áirithiú go soláthrófar dó an fhaisnéis socraíochta is gá dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún i leith an idirbhirt sin roimh na tréimhsí ama dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de, lena n-áirítear trí chórais lena dtugtar rochtain don ghnólacht infheistíochta ar an bhfaisnéis ábhartha (amhail trí rochtain ar bhunachar sonraí láraithe).

18. Ní thugtar aghaidh in RTLU, ná i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún, ar na hiarmhairtí a bhaineann le (i) cumarsáid dhéanach a dhéanamh (ii) mainneachtain cumarsáid a dhéanamh san fhormáid chomhaontaithe agus tríd an modh comhaontaithe, nó (iii) mainneachtain an leithdháileadh agus an deimhniú i scríbhinn (nó cuid den fhaisnéis a iarrtar ann) a chur in iúl go hiomlán don ghnólacht infheistíochta. D'fhéadfadh an gnólacht infheistíochta agus an cliant gairmiúil ina gcomhaontú aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a d'eascair as a leithéid de mhoill nó de theipeanna.

Treoirlíne 4: Ba cheart don ghnólacht infheistíochta agus dá chliant gairmiúil teacht ar chomhaontú freisin, i gcás neamh-infhaighteacht theicniúil shealadach nó cur isteach ar sheirbhís atá doiciméadaithe go cuí agus a dhéanann difear do cheachtar páirtí, gur cheart glacadh le modh/modhanna cumarsáide malartacha lenar féidir na leithdháiltí agus na deimhnithe a chur in iúl i scríbhinn.

I measc na samplaí neamh-uileghabhálacha de mhodhanna cumarsáide malartacha tá post, facsanna, modhanna leictreonacha eile nach bhfuil inléite ag meaisín, mar a chomhaontaítear idir an gnólacht infheistíochta agus a chliant gairmiúil.

I gcásanna den sórt sin de neamh-infhaighteacht theicniúil nó cur isteach ar sheirbhísí den sórt sin, féadfaidh an gnólacht infheistíochta agus a chliant gairmiúil teacht ar chomhaontú freisin maidir le húsáid glaonna teileafóin, ar choinníoll go ndéantar iad a thaifeadadh i gcomhréir le hAirteagal 16(7) de MiFID II agus le hAirteagal 76 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún.

Chun na críche sin, tagraíonn ‘neamh-infhaighteacht theicniúil shealadach nó cur isteach ar sheirbhís’ do chás lena gcuirtear cosc ar úsáid modhanna cumarsáide ar féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí sonracha a shainaithint, a aithint agus a asbhaint astu go héasca, lena n-áirítear ráitis aonair fíorais agus a struchtúr inmheánach.

19. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú go n-úsáidfidh a gcliaint ghairmiúla nósanna imeachta agus caighdeáin idirnáisiúnta cumarsáide oscailte le haghaidh sonraí teachtaireachtaí agus tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(34) de RTLU.